Parlaimint na hEorpa
2024-2029

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2024/2108(INI)

16.7.2025

TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus chuig an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe
(2024/2108(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Loránt Vincze

PA_NonLeg

LEASUITHE

Cuireann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile in iúl don Choiste um Ghnóthaí Eachtracha agus don Choiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, mar na coistí atá freagrach, an méid seo a leanas:

Leasú 1

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 36

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
36. ***[coistí a thugann tuairim]***;	36. ***á chur in iúl gur geal léi cinneadh Rialtas na Ríochta Aontaithe a chaidreamh leis an Aontas a athshocrú agus á chur in iúl gur díol sásaimh di go bhfuil sábháilteacht na saoránach fós ríthábhachtach faoin gcur chuige nua sin***; ***á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé leanúint de na comhaontuithe idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach atá ann cheana a chur chun feidhme ina n-iomláine, lena n-áirítear Comhaontú Aoine an Chéasta agus Creat Windsor; á chur in iúl gur geal léi an borradh a cuireadh ar fáil leis an Ráiteas Comhpháirteach agus leis an gComhthuiscint maidir le clár oibre athnuaite don chomhar idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, a ghlac an Ríocht Aontaithe agus an Coimisiún ag an gcéad chruinniú mullaigh idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe an 19 Bealtaine 2025, maidir le forfheidhmiú an dlí agus comhar breithiúnach feabhsaithe in ábhair choiriúla, comhar neartaithe i ndáil le rioscaí agus bagairtí drugaí, agus comhar níos doimhne maidir leis na dúshláin a bhaineann leis an imirce neamhrialta;***

Leasú 2

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 36 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	36a. á chur in iúl gur geal léi an tiomantas frithpháirteach seasamh leis an dlí idirnáisiúnta agus leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) mar a chuir Príomh-Aire na Ríochta Aontaithe agus Uachtarán an Choimisiúin in iúl ina ráiteas comhpháirteach an 2 Deireadh Fómhair 2024 maidir le comhar straitéiseach a fheabhsú agus sa Ráiteas Comhpháirteach a d'eascair as an gcruinniú mullaigh idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe an 19 Bealtaine 2025; á mheabhrú gurb iad na coinníollacha ginearálta chun Cuid a Trí a chur i bhfeidhm, mar a shonraítear faoi Airteagal 524(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, an urraim sheanbhunaithe don daonlathas, don smacht reachta agus do chosaint chearta agus shaoirsí bunúsacha daoine aonair, lena n-áirítear iad siúd a leagtar amach i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus ECHR, chomh maith lena thábhachtaí atá sé éifeacht a thabhairt do na cearta agus na saoirsí a áirithítear in ECHR ar bhonn intíre; á athdhearbhú nach mór na coinníollacha sin a ráthú go hiomlán chun an Comhaontú Trádála agus Comhair a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme;

Leasú 3

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 36 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	36b. á chur in iúl gur geal léi na tiomantais, a leagtar amach sa Ráiteas Comhpháirteach agus sa Chomhthuiscint, oibriú níos dlúithe le chéile chun

gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil daoine, gáinneáil ar dhrugaí, coireacht eagraithe thromchúiseach agus thrasnáisiúnta, agus sceimhlitheoireacht agus antoisceachas foréigneach a chomhrac, lena n-áirítear an ghné ar líne de, trí Chuid a Trí den Chomhaontú Trádála agus Comhair a chur chun feidhme ar bhealach níos tapúla, níos éifeachtaí agus níos doimhne agus trí leas iomlán a bhaint as a hacmhainneacht agus trí chur léi;

Leasú 4

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 36 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	36c. á chur in iúl gur geal léi tátal Thuarascáil Cur Chun Feidhme 2024 ón gCoimisiún gur fheidhmigh cur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí agus comhar breithiúnach go rianúil le bliain anuas;

Leasú 5

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 36 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	36d. á chur in iúl gur geal léi, go háirithe, gur thug na Ballstáit uile agus an Ríocht Aontaithe rochtain dá chéile ar a mbunachair sonraí ADN náisiúnta le haghaidh cuardach uathoibrithe faoi dheireadh 2024, i gcomhréir le hAirteagal 530 den Chomhaontú Trádála agus Comhair; á chur in iúl gur geal léi go raibh 22 nasc méarlorg déanta ag an Ríocht Aontaithe faoi dheireadh 2024 agus go raibh sí réidh chun na 5 nasc eile

	a thabhairt chun críche; ag aithint na huaillmhéine, a leagtar amach sa Chomhthuiscint, do na páirtithe malartuithe frithpháirteacha agus cómhalartacha sonraí maidir le méarloirg, ADN, agus taifid choiriúla náisiúnach tríú tír a neartú agus féachaint an bhféadfaí an malartú sonraí a leathnú chuig íomhánna den aghaidh a áireamh chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, agus á chur i bhfios go láidir ag an am céanna go bhfuil malartuithe atá ann cheana agus malartuithe leathnaithe ag brath ar ardchaighdeán cosanta sonraí a choinneáil agus ar a áirithiú go leanfaidh creat dlíthiúil athraitheach na Ríochta Aontaithe de bheith comhoiriúnach le ceanglais an Aontais maidir le cosaint sonraí;

Leasú 6

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 36 e (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	36e. á mheabhrú go bhfuil tairbhe fhrithpháirteach ag baint le forfheidhmiú láidir an dlí agus comhar breithiúnach láidir agus go bhfuil gá leo chun dul i ngleic le dúshláin chomhroinnte i réimsí amhail oibríochtaí frithsceimhlitheoireachta, sciúradh airgid agus smuigleáil daoine agus gáinneáil ar dhaoine; á chur in iúl gur geal léi dlúthchomhar na Ríochta Aontaithe le príomhghníomhaireachtaí an Aontais amhail Europol, Eurojust agus Frontex;

Leasú 7

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 36 f (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	36f. á chur in iúl gur geal léi gur mhéadaigh Rialtas na Ríochta Aontaithe láithreacht Ghníomhaireacht Náisiúnta Coireachta na Ríochta Aontaithe ag Europol agus go bhfuil sé ag obair ar bhealach níos leithne i dtreo caidreamh níos dlúithe le Europol, lena n-áirítear maidir leis an gcumas sonraí a chomhroinnt i bhfíor-am;

Leasú 8

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 36 g (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	36g. ag cur sonrú i dtuarascálacha bliantúla Eurojust 2023 agus 2024 agus á chur in iúl gur díol sásaimh di rannpháirtíocht agus rannpháirteachas na Ríochta Aontaithe in obair na gníomhaireachta, agus gurb í an Ríocht Aontaithe an tír nach tír de chuid an Aontais í is minice ar iarradh uirthi páirt a ghlacadh i gcásanna nua arna n-oscailt ag deasca náisiúnta ag an ngníomhaireacht sa dá bhliain;

Leasú 9

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 36 h (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	36h. á chur in iúl gur geal léi gur tugadh socrú oibre i gcrích idir Frontex agus Oifig Gnóthaí Baile na Ríochta Aontaithe in 2024 ar bhonn an ghealltanais chomhpháirtigh chun sábháilteacht agus slándáil a fheabhsú agus oibleagáidí maidir le cearta bunúsacha á gcomhlíonadh; á chur in iúl

	go bhfuil sí den tuairim go gcuirfidh an socrú sin feabhas ar an gcomhar maidir le bainistiú teorainneacha agus slándáil, lena n-áirítear baill foirne a imscaradh le haghaidh dualgais chomhairleacha agus chomhordúcháin;

Leasú 10

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 36 i (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	36i. ag spreagadh comhar níos dlúithe idir Gréasán Imirce na hEorpa agus gníomhaireachtaí, lena n-áirítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus Frontex, agus údaráis na Ríochta Aontaithe faoi seach, i gcomhréir leis an ngealltanas a thug na páirtithe sa Chomhthuiscint; á mholadh go dtabharfaí i gcrích socrú oibre maidir le malartú cómhalartach faisnéise idir Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh agus údaráis ábhartha na Ríochta Aontaithe maidir le rioscaí agus bagairtí drugaí, chun obair na gníomhaireachta a éascú;

Leasú 11

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 36 j (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	36j. ag cur sonrú sna dúshláin chomhroinnte atá os comhair na Ríochta Aontaithe agus an Aontais ó thaobh imirce neamhdhleathach de; á chur in iúl go dtacaíonn sí go láidir le rannpháirtíocht na bpáirtithe sa chomhar níos dlúithe i bhfóraim agus próisis iltaobhacha chun smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chomhrac, i bhfaisnéis oibríochtúil a chomhroinnt

maidir le filleadh ar thríú tíortha, agus i sásraí díspreagtha a fhiosrú, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta, agus a dtiomantas á choimeád ar bun cosaint idirnáisiúnta a ráthú dóibh siúd a bhfuil sí de dhíth orthu;

Leasú 12

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 36 k (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	36k. ag tabhairt dá haire go bhforáiltear leis an mBille um Shlándáil Teorann, Tearmann agus Inimirce, a tugadh isteach i bParlaimint na Ríochta Aontaithe an 30 Eanáir 2025, go bhféadfaí comhaontuithe a thabhairt i gcrích le tíortha G7 agus le príomh-chomhpháirtithe Eorpacha chun smuigleáil a chomhrac; á chur in iúl gur geal léi gur mian leis an Ríocht Aontaithe oibriú níos dlúithe le Ballstáit aonair, lena n-áirítear an Fhrainc agus Grúpa Calais, maidir le smuigleáil daoine agus gáinneáil ar dhaoine a chomhrac, agus, ar bhonn níos leithne, maidir le slándáil teorann a neartú, lena n-áirítear faireachas ar theorainneacha;

Leasú 13

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 36 l (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	36l. á mheabhrú go bhfuil an córas eiseachadta idir na Ballstáit agus an Ríocht Aontaithe, mar a leagtar síos i dTeideal VII de Chuid a Trí den Chomhaontú Trádála agus Comhair, éagsúil leis an gcóras dá bhforáiltear leis an gCinneadh Réime ón gComhairle

maidir le barántais ghabhála Eorpacha[1a]; á mheabhrú gur chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ina breithiúnas le déanaí[1b], nach mór don údarás breithiúnach forghníomhaitheach scrúdú neamhspleách a dhéanamh ar an mbaol go sárófar Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ar baol é a mhaíonn an duine lena mbaineann go mbeidh air aghaidh a thabhairt air má thugtar suas don Ríocht Aontaithe é;

[1a] Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2022 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit (IO L 190, 18.7.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_framw/2002/584/oj).

[1b] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 29 Iúil 2024,, Alchaster, C-202/24, ECLI:EU:C:2024:649.

Leasú 14

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 36 m (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	36m. á mheabhrú go gceadaítear le Cuid a Trí den Chomhaontú Trádála agus Comhair sreabha sonraí leathnaithe idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, amhail sonraí ADN, sonraí maidir le taifead ainmneacha paisinéirí agus faisnéis maidir le taifid choiriúla a mhalartú; á chur i bhfios go láidir, dá bhrí sin, go bhfuil sé ríthábhachtach go n-áiritheoidh an Ríocht Aontaithe go mbeidh an leibhéal cosanta coibhéiseach go bunúsach leis an leibhéal a thugann an tAontas ionas nach gcuirfear caighdeáin an Aontais agus, dá bhrí sin, cearta bunúsacha shaoránaigh an

	Aontais i mbaol agus sonraí á gcomhroinnt leis an Ríocht Aontaithe;

Leasú 15

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 36 n (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	36n. ag tabhairt dá haire go bhfuil athchóiriú leanúnach á dhéanamh ar chreat cosanta sonraí na Ríochta Aontaithe tríd an mBille Sonraí (Úsáid agus Rochtain), lena dtugtar isteach raon athruithe substainteacha ar fhorálacha reatha Rialachán Ginearálta na Ríochta Aontaithe maidir le Cosaint Sonraí; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a áirithiú nach mbeidh lagú ar chosaintí do dhaoine aonair a ndéantar a sonraí pearsanta a phróiseáil sa Ríocht Aontaithe mar thoradh ar an athchóiriú sin, go háirithe i gcás ina dtagann sonraí ó AE; ag tabhairt dá haire gur mhol an Coimisiún síneadh sé mhí a chur leis an dá chinneadh leordhóthanachta 2021 leis an Ríocht Aontaithe; ag tabhairt dá haire go ráthódh an síneadh sin saorshreabhadh sonraí leis an Ríocht Aontaithe go dtí an 27 Nollaig 2025, rud a thabharfadh am don phróiseas reachtach maidir leis an mBille Sonraí (Úsáid agus Rochtain), a tugadh isteach i bParlaimint na Ríochta Aontaithe an 23 Deireadh Fómhair 2024, a thabhairt i gcrích sa Ríocht Aontaithe, agus don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an reachtaíocht a glacadh agus cinneadh a dhéanamh maidir lena leordhóthanacht;

Leasú 16

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 36 o (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	36o. á chur i bhfáth, ina leith sin, go bhfuil sé ríthábhachtach go leanfar de chinntí leordhóthanachta idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe a bheith ann chun sreafaí sonraí trasteorann a chosaint agus chun a áirithiú go leanfar de chearta bunúsacha shaoránaigh an Aontais a urramú faoin gComhaontú Trádála agus Comhair; ag tabhairt dá haire go mbeidh athnuachan na gcinntí sin ag brath go mór ar ábhar deiridh agus ar chur chun feidhme chreat dlíthiúil nua na Ríochta Aontaithe;

Leasú 17

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 36 p (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	36p. ag cur sonrú i dTuairim 06/2025 ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB), lena dtacaítear le síneadh teicniúil agus teoranta ó thaobh ama de a chur le cinntí leordhóthanachta na Ríochta Aontaithe go dtí an 27 Nollaig 2025, chun am a thabhairt don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar impleachtaí an athchóirithe a luaithe a ghlacfar é, agus chun na críche sin amháin; á mheabhrú go gceanglaítear ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar na forbairtí ábhartha uile sa Ríocht Aontaithe le linn na tréimhse sin agus a áirithiú go mbeidh aon chinneadh leordhóthanachta amach anseo bunaithe ar mheastóireacht chuimsitheach agus cothrom le dáta ar chreat cosanta sonraí na Ríochta Aontaithe;

Leasú 18

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 36 q (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	36q. á chur i bhfios go láidir a luachmhaire atá an t-idirphlé leanúnach idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe maidir le rialachas na hintleachta saorga (IS) chun prionsabail chomhroinnte a chur chun cinn agus chun ilroinnt rialála a sheachaint; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar Rialtas na Ríochta Aontaithe féachaint ar bhealaí le haghaidh comhar agus rannpháirtíocht struchtúrtha IS maidir le caighdeáin a leagan síos, agus féachaint ar shocruithe aitheantais fhrithpháirtigh le haghaidh measúnú comhréireachta;

Leasú 19

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 36 r (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	36r. á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil tiomantas tiomnaithe ann do chomhar IS sa Chomhthuiscint maidir le clár oibre athnuaite don chaidreamh idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, in ainneoin na tábhachta straitéisí a bhaineann le hailíniú trasnáisiúnta a chothú maidir le IS iontaofa a fhorbairt, agus á mheabhrú go gceadaítear le hAirteagal 39 de Rialachán (AE) 2024/1689 (Gníomh IS)[1a] aitheantas a thabhairt do chomhlachtaí um measúnú comhréireachta atá bunaithe i dtríú tíortha faoi choinníollacha sonracha agus faoi réir comhaontú idir an tAontas agus an tríú tír lena mbaineann;
	[1a] Rialachán (AE) 2024/1689 ó

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga) (IO L, 2024/1689, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1689/oj).

Leasú 20

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 36 s (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	36s. ag tabhairt dá haire go leasaítear le hAirteagail 103-107 agus 109 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga reachtaíocht AE atá ann cheana maidir le táirgí a bhfuil feidhm aici i dTuaisceart Éireann faoi Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Creat Windsor; ag cur sonrú sa togra ón gCoimisiún an 24 Márta 2025 chun forálacha áirithe den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a áireamh in Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Creat Windsor, agus é mar aidhm comhsheasmhacht a áirithiú i leith rialáil earraí agus seirbhísí gaolmhara i dTuaisceart Éireann; á aithint go bhféadfadh ailíniú rialála níos fearr i réimsí amhail sábháilteacht táirgí agus faireachas margaidh cabhrú chun tacú le soiléireacht dhlíthiúil agus leanúnachas margaidh; ag spreagadh idirphlé leanúnach idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe faoi chuimsiú an Chomhchoiste, d'fhonn cineálacha cur chuige a shainaithint a bheidh inghlactha go frithpháirteach agus lena gcloífear le hardchaighdeáin maidir le cosaint

	tomhaltóirí agus comhleanúnachas rialála;

Leasú 21

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 36 t (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	36t. á mheabhrú gur gá gach cuid de Chomhaontú Aoine an Chéasta a urramú go hiomlán, mar a shonraítear sa Chomhaontú um Tharraingt Siar; ag meabhrú ghealltanas ceangailteach na Ríochta Aontaithe, faoi Airteagal 2 de Chreat Windsor, d'fhonn a áirithiú nach ndéanfar aon neamhlaghdú ar chearta, ar choimircí agus ar chomhionannas deiseanna, mar a leagtar amach i gComhaontú Aoine an Chéasta; á chur i bhfios go láidir go bhfuil cosaint éifeachtach na gceart sin bunriachtanach freisin chun muinín agus comhar a choinneáil faoin gComhaontú Trádála agus Comhair, go háirithe i réimsí amhail forfheidhmiú an dlí, cearta saothair agus rochtain ar cheartas; á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na hoibleagáide sin agus dul i dteagmháil le húdaráis ábhartha na Ríochta Aontaithe i gcás ina dtagann rioscaí chun cinn maidir le haischéimniú ceart; á mheabhrú nach mór aon leasuithe ar na sé threoir AE maidir le comhionannas a liostaítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a léiriú i ndlí Thuaisceart Éireann chun a áirithiú nach ndéanfar cearta a laghdú; á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí chun feabhas a chur ar ionadaíocht dhaonlathach shaoránaigh AE a bhfuil cearta dúchais acu agus atá ina gcónaí i dTuaisceart Éireann;

Leasú 22

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 36 u (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	36u. á iarraidh ar an Ríocht Aontaithe agus ar Bhallstáit AE a áirithiú go leanfaidh cearta na saoránach de bheith ina bpríomhthosaíocht sa chaidreamh idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, lena ráthófar gur féidir le saoránaigh uile AE agus na Ríochta Aontaithe, ar tugadh an Comhaontú um Tharraingt Siar i gcrích chun tairbhe dóibh, leas iomlán a bhaint as a gcearta; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go bhfuil athnuachan déanta ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe ar a dtiomantas comhroinnte do chur chun feidhme iomlán, tráthúil agus dílis gach gné den Chomhaontú um Tharraingt Siar; á chur in iúl gur geal léi an chéim reachtach a ghlac Rialtas na Ríochta Aontaithe maidir le soiléireacht dhlíthiúil do shaoránaigh AE a bhfuil stádas réamhlonnaithe acu faoi Scéim Lonnaithe AE agus á chur in iúl go bhfuil muinín aici go n-áiritheoidh sé aistriú rianúil do shaoránaigh ó chónaí sealadach go buanchónaí sa dá bhliain amach romhainn; á chur i bhfios gur shainaithin an tÚdarás Faireacháin Neamhspleách do na Comhaontuithe um Chearta na Saoránach comhroinnt sonraí idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe mar réimse a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le moilleanna ar iarratais Scéim Lonnaithe AE i gcás ina bhfuil faisnéis ag na Ballstáit atá ábhartha don iarratas; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún agus ar údaráis na mBallstát a bhfreagrúlacht d'iarrataí a mhéadú agus malartú faisnéise níos fearr a ráthú idir an Ríocht Aontaithe agus tíortha AE, agus tíortha Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa agus tíortha an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch chun moilleanna a chosc agus próiseas iarratais rianúil a

áirithiú do shaoránaigh;

Leasú 23

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 36 v (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	36v. á chur in iúl gur geal léi an tiomantas comhroinnte a cuireadh in iúl sa Chomhthuiscint maidir le scéim taithí óige a bhunú; á mheas gur cheart go mbeadh na páirtithe uaillmhianach maidir le mionsonraí na scéime a fhorbairt i dtéarmaí raon feidhme, fhad an fhanachta agus na ngníomhaíochtaí a chumhdaítear; ag moladh go láidir don Ríocht Aontaithe, sa chomhthéacs sin, oscailteacht a léiriú i leith na dtograí a thíolaic an Coimisiún sa réimse sin in 2024; á chreidiúint go láidir nach mór comhaontú maidir le soghluaisteacht na hóige a bheith ina chuid bhunriachtanach d'aon athbhreithniú a dhéanfar ar an gComhaontú Trádála agus Comhair amach anseo;

Leasú 24

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 36 w (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	36w. á mheas go bhfuil acmhainneacht shuntasach ag scéim den sórt sin glúin nua d'Eorpaigh óga agus de Bhriotanaigh a spreagadh trí mhalartuithe dleathacha duine le duine a chothú atá fréamhaithe i gcomhluachanna daonlathacha, i dtuiscint chultúrtha agus i muinín fhrithpháirteach, agus go bhféadfadh sí an bonn a leagan síos do chomhar fadtéarmach, do chomhtháthú sóisialta, agus do líonraí trasnáisiúnta níos láidre i

	measc na hóige; á mholadh don dá thaobh, thairis sin, machnamh a dhéanamh ar shoghluaisteacht a éascú idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas fiú lasmuigh den scéim atá beartaithe maidir le taithí na hóige;

Leasú 25

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 36 x (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	36x. á chur i bhfáth go bhféadfadh comhthairbhe a bheith ag baint le socruithe cómhalartacha feabhsaithe maidir le soghluaisteacht ghnó ghearrthéarmach; ag aontú leis an gCoimisiún sa mhéid go bhfuil córas urraíochta na Ríochta Aontaithe le haghaidh víosaí oibre a dheonú do sholáthraithe seirbhíse de chuid an Aontais ró-anásta agus ródhochraideach d'fhostóirí na Ríochta Aontaithe agus do thairbhithe víosaí de chuid an Aontais araon agus á iarraidh ar an Ríocht Aontaithe soláthraithe seirbhíse a chumhdaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair a dhíolmhú ón gcóras urraíochta; á iarraidh ar an Ríocht Aontaithe leanúint de na bearta uile is gá a dhéanamh chun idirdhealú i gcoinne shaoránaigh an Aontais atá ina gcónaí sa Ríocht Aontaithe a chomhrac;

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go bhfuil ionchur curtha san áireamh aige ina thuairim ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sé, le linn ullmhú na tuairime, go dtí go nglacfar sa choiste í, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[11], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
2. Ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí
Misean na Ríochta Aontaithe chuig an Aontas Eorpach

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara don tuairim a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sé Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do), a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach Bhealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH AG AN gCOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	24.6.2025
Toradh na vótála críochnaithí	+ : 61 - : 0 0 : 12
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Magdalena Adamowicz, Abir Al-Sahlani, Giuseppe Antoci, Francisco Assis, Malik Azmani, Nikola Bartůšek, Saskia Bricmont, Krzysztof Brejza, Jaroslav Bžoch, Mélissa Camara, Susanna Ceccardi, Caterina Chinnici, Alessandro Ciriani, Lena Düpont, Marieke Ehlers, Estrella Galán, Raquel García Hermida-Van Der Walle, Evin Incir, Paolo Inselvini, Irena Joveva, Erik Kaliňák, Marina Kaljurand, Mariusz Kamiński, Assita Kanko, Fabienne Keller, Moritz Körner, Murielle Laurent, Fabrice Leggeri, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Michael McNamara, Ana Catarina Mendes, Verena Mertens, Nadine Morano, Matjaž Nemec, Ana Miguel Pedro, Chloé Ridel, Ilaria Salis Birgit Sippel, Krzysztof Śmiszek, Sander Smit, Petra Steger, Cecilia Strada, Tineke Strik, Georgiana Teodorescu, Tomas Tobé, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Kristian Vigenin, Charlie Weimers, Sophie Wilmès, Ewa Zajączkowska-Hernik, Alessandro Zan, Javier Zarzalejos.
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Konstantinos Arvanitis, Fredis Beleris, David Casa, Laurent Castillo, Geadis Geadi, Monika Hohlmeier, Nikola Minchev, Hannah Neumann, João Oliveira, Leoluca Orlando, Oliver Schenk, Alexander Sell, António Tânger Corrêa, Pekka Toveri, Roberto Vannacci.
Feisirí faoi Riail 216(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Christian Doleschal, Pietro Fiocchi, Pär Holmgren, Andrey Kovatchev, Andrea Wechsler.

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA
SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

62	+
An Grúpa do Choimeádaigh agus Leasaitheoirí na hEorpa (CLE)	Alessandro Ciriani, Pietro Fiocchi, Geadis Geadi, Paolo Inselvini, Mariusz Kamiński, Assita Kanko, Georgiana Teodorescu
An Grúpa 'Eoraip na Náisiún Ceannasach' (ENC)	Alexander Sell, Milan Uhrík, Ewa Zajączkowska-Hernik
Feisirí neamhcheangailte (NI)	Erik Kaliňák
Páirtí an Phobail Eorpaigh (PPE)	Magdalena Adamowicz, Fredis Beleris, Krzysztof Brejza, David Casa, Laurent Castillo, Caterina Chinnici, Christian Doleschal, Lena Düpont, Monika Hohlmeier, Andrey Kovatchev, Jeroen Lenaers, Verena Mertens, Nadine Morano, Ana Miguel Pedro, Oliver Schenk, Sander Smit, Tomas Tobé, Pekka Toveri, Andrea Wechsler, Javier Zarzalejos
An Grúpa 'Tírghráthóirí don Eoraip' (TdE)	Nikola Bartůšek, Jaroslav Bžoch, Susanna Ceccardi, Marieke Ehlers, Fabrice Leggeri, Petra Steger, António Tânger Corrêa, Tom Vandendriessche, Roberto Vannacci
Renew Europe	Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Raquel García Hermida-Van Der Walle, Irena Joveva, Fabienne Keller, Moritz Körner, Michael McNamara, Nikola Minchev, Sophie Wilmès
An Grúpa d'Aontas Forchéimnitheach na Sóisialaithe agus na nDaonlathaithe i bParlaimint na hEorpa (S&D)	Francisco Assis, Evin Incir, Marina Kaljurand, Murielle Laurent, Juan Fernando López Aguilar, Ana Catarina Mendes, Matjaž Nemec, Chloé Ridel, Birgit Sippel, Krzysztof Śmiszek, Cecilia Strada, Kristian Vigenin, Alessandro Zan

0	-

12	0
An Grúpa do Choimeádaigh agus Leasaitheoirí na hEorpa (CLE)	Charlie Weimers
An Chlé	Giuseppe Antoci, Konstantinos Arvanitis, Estrella Galán, João Oliveira, Ilaria Salis
Grúpa na nGlasach/na Saor-Chomhghuaillíochta Eorpaí (SCE)	Saskia Bricmont, Mélissa Camara, Pär Holmgren, Hannah Neumann, Leoluca Orlando, Tineke Strik

Eochair le haghaidh na siombailí:
+ : i bhfábhar

- : i gcoinne
0 : staonadh